**Iarraidh ar réamhrialú ón Nejvyšší správní soud (Poblacht na Seice) a taisceadh an 31 Iúil 2025 – Ministerstvo vnitra**

**(Cás C-511/25, Prokoda)** ([1])

(C/2025/5320)

*Teanga an cháis: an tSeicis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Nejvyšší správní soud

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Ministerstvo vnitra

*Páirtí eile sna himeachtaí:* E.K.

**An cheist a tharchuirtear:**

An féidir, i gcomhréir leis an gceád fhomhír d'Airteagal 17(1) de Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ([2]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013, lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát, claonadh ón mBallstát freagrach a chinneadh de réir Airteagal 3(2) den Rialachán sin, nó an amhlaidh nach mbaineann an chumhacht lánroghnach sin ach le cásanna inar cinneadh an Ballstát freagrach de bhun Airteagal 3(1) den Rialachán sin?

---

([1]) Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

([2]) IO 2013 L 180, lch. 31.